4595565335

Ireland State Savings®
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

# Iarratas ar Aisíoc:

☐ Coigilt Chúram Leanaí Breise ☐ Cuntas Coigilt Chúram Leanaí ☐ Cuntais Taisce Bunaithe ar Ráiteas
☐ Tráthchoigilteas ☐ Cuntas Coigilteas Stáit ☐ Cuntas Coigilt Phinsin

## SONRAÍ CUSTAIMÉARA – Tá aon réimse ar a bhfuil * éigeantach. Tabhair faoi deara go bhféadfadh fianaise aitheantais bheith de dhíth.

***TÁBHACHTACH - Léigh na nótaí ar an taobh thall sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.***

(1) Teideal* Céadainm(neacha)* Sloinne* Uimhir Theagmhála Theileafóin*

(2) Teideal* Céadainm(neacha)* Sloinne* Uimhir Theagmhála Theileafóin*

Seoladh* (Má tá an seoladh difriúil ó sheoladh cláraithe an chuntais, cinnte go gcomhlánaítear Painéal A agus Painéal B thall)

Éirchód

## TREOIR AISÍOCA – feic nóta 1

Tabhair faoi deara go dteastaíonn iarratas ar leith do gach iarratas aisíoca

Tá mé / muid, sealbhóir(í) an Chuntais Uimh.* ag iarraidh:

(cuir X le rogha AMHÁIN)*

An luach iomlán

NÓ

Aisíoc páirteach € , , -

NÓ

An cuntas a dhúnadh

An mian leat aisíocaíocht a chur siar má tá ús breise dlite ar do choigiltis laistigh de thréimhse 30 lá?* Is mian: NÓ Ní mian:

## TREOIR UM AISTRIÚ BAINC – feic nótaí 2 agus 3

Chun d'aisíocaíocht a chur chuig do chuntas bainc SEPA, tabhair sonraí IBAN thíos mar aon le cóip de ráiteas bainc:**

IBAN:

**TÁBHACHTACH: Murar thug tú ráiteas bainc do Choigilteas Stáit cheana féin chun aisíocaíocht a fháil, ní mór duit anois cóip de cheannpháipéar ráiteas bainc a sholáthar arna dhátú laistigh de 12 mhí a fhíoraíonn ainm, seoladh agus sonraí IBAN an tsealbhóra/na sealbhóirí cuntais. Mura soláthraítear an ráiteas bainc seo cuirfear moill ar an iarratas.

**Dearbhú:** Aontaím/Aontaímid an luach a iarrtar thuas a chur leis an IBAN a thugtar agus léigh agus tuigeann mé/muid nótaí 6 agus 7 a bhaineann leis an gcáipéisíocht a theastaíonn agus sábháil agus athúsáid féideartha an IBAN ainmnithe.

Tá sínithe GACH sealbhóir éigeantach agus is gá do gach sealbhóir an dá dhearbhú ar an bhfoirm seo a shíniú. Do gach sealbhóir faoi 18 mbliana, caithfidh Tuismitheoir/Caomhnóir an fhoirm seo a shíniú.

Síniú(éigeantach)* Dáta* L L M M B B B B Síniú(éigeantach)* Dáta* L L M M B B B B

## CAITHFIDH GACH SEALBHÓIR AN CHUID SEO A CHOMHLÁNÚ AGUS A SHÍNIÚ – feic nóta 1

Sínigh thíos lena dheimhniú gur léigh agus gur thuig tú na Nótaí thall agus an cháipéis faoi iamh maidir le Fianaise Aitheantais agus Sonraí Pearsanta. Sínigh agus dátaigh. Treoraím/Treoraímid Coigilteas Stáit chun m'iarratas/ár n-iarratas roghnach arna leagan amach thuas a chur i gcrích.

Síniú 1* Dáta Breithe* D D M M Y Y Y Y Dáta* D D M M Y Y Y Y

Síniú 2* Dáta Breithe* D D M M Y Y Y Y Dáta* D D M M Y Y Y Y

An Tuismitheoir/Caomhnóir ainmnithe i gcás gur mionaoiseach an sealbhóir cuntais (faoi 18 mbliana)

Céadainm(neacha) Sloinne Síniú

## ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

CHC: Príomhshuim: € ______ Ús: € ______ Iomlán: € ______

An cháipéisíocht bhreise ar fad iniata: Seiceáil sínithe: ______ Dáta aisíoctha: ______

0233565330

Ireland State Savings®
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

## PAINÉAL A ATHRÚ SEOLTA AR CHUNTAS – feic nótaí 4 agus 5

Iarraim/Iarraimid ort mo sheoladh/ár seoladh a leasú mar seo a leanas:

Seoladh Nua
*(BLOCLITREACHA)*

Éirchód

Síniú (1)*

Síniú (2)*

## PAINÉAL B CAITHFEAR AN CHUID SEO A SHÍNIÚ I LÁTHAIR FINNÉ I gCÁS GUR COMHLÁNAÍODH PAINÉAL A – feic nóta 5

Deimhním/deimhnímid an sealbhóir/na sealbhóirí an treoir a sonraíodh i bPainéal A

Síniú (1)*

Síniú (2)*

Dearbhaím gur shínigh an sealbhóir/na sealbhóirí ainmnithe thuas os mo chomhair agus gur thug an sealbhóir/na sealbhóirí cáipéisíocht um chruthúnas ar ainm reatha agus bailí agus cáipéisíocht um chruthúnas ar sheoladh reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí) ar a raibh an seoladh nua. Feic Nóta 5 i gcomhair cáipéisí aitheantais inghlactha. Dearbhaím chomh maith go ndearnadh fótachóip den cháipéisíocht a tugadh agus gur scríobhadh 'cóip bhunaidh feicthe' ar na cóipeanna agus go bhfuil siad faoi iamh leis an bhfoirm seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cineál Chruthúnas ar Ainm* | Iarrthóir 1 | Iarrthóir 2 |
| Tagairt don Chruthúnas ar Ainm* | Iarrthóir 1 | Iarrthóir 2 |
| Dáta Breithe an Chustaiméara* *(de réir na cáipéisíochta cruthúnais)* | Iarrthóir 1 | Iarrthóir 2 |

***Tabhair faoi deara gur gá gach cáipéis bhunaidh nó fótachóip dheimhnithe[1] ar cháipéisíocht chruthúnais a sheoladh ar ais leis an bhfoirm seo chuig:***

***Coigilteas Stáit, GPO, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2***

Ainm an FHINNÉ:
*BLOCLITREACHA*

Uimhir Theagmhála Theileafóin an Fhinné:

Seoladh an FHINNÉ:
*BLOCLITREACHA*

TÁBHACHTACH
Stampa Oifigiúil an Fhinné

Síniú an FHINNÉ:

Dáta* L L M M B B B B

Gairm an FHINNÉ:

## NÓTAÍ TÁBHACHTACHA – Le léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo

**1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA**
Comhlánaigh an fhoirm i MBLOCLITREACHA agus úsáid dúch dubh nó le do thoil. Tabhair faoi deara, tá aon réimse ar a bhfuil * éigeantach agus caithfear é a chomhlánú. Caithfidh gach Sealbhóir ainmnithe ar an gcuntas an t-iarratas seo a shíniú. Tá iarratais ar aisíocaíocht faoi réir fógra 7 lá oibre ón lá a fhaightear iad. Agus tú i do shealbhóir táirge Coigilteas Stáit, ní mór duit d'aitheantas a dheimhniú le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) trí d'Ainm, do Dháta Breithe agus cáipéisíocht aitheantais (cruthúnas ar ainm agus ar sheoladh) a thabhairt dúinn síniú san áit a iarrtar. Murar thug tú fianaise aitheantais chun ár sástachta roimhe seo, cuirfimid sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le próiseáil na hAisíocaíochta a iarradh go dtí go bhfaighimid an cháipéisíocht a iarradh. Seolfar cáipéisí bunaidh a chuirtear ar fáil ar ais chugat. Má bhíonn aon cheisteanna nó deacrachtaí agat chun an cháipéisíocht seo a chur ar fáil, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200. **Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe mar aon le cóipeanna bunaidh nó deimhnithe[1] den cháipéisíocht chruthúnais a sheoladh chuig:- Coigilteas Stáit, SAORPHOST, Rannóg Aisíocaíochtaí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.**

**2. SONRAÍ UM AISTRIÚ BAINC**
Íocfar cistí chuig an IBAN a thugtar sa phainéal Treoir um Aistriú Bainc ar an bhfoirm seo. D'fhéadfaí an IBAN a thug tú a shábháil le haghaidh íocaíochtaí sa todhchaí i gceangal le Coigilteas Stáit. Is gá go mbeadh an IBAN a thugtar in ainm duine amháin ar a laghad de shealbhóirí cuntais Coigilteas Stáit. Má thugtar IBAN le haghaidh cuntas bainc (a) nach bhfuil in ainm shealbhóirí cuntas Coigilteas Stáit nó (b) in ainmneacha tríú páirtithe sa bhreis ar an sealbhóir/na sealbhóirí cuntais Coigilteas Stáit, trí shíniú sa phainéal Treoir um Aistriú Bainc tá tú ag údarú íoc chuig an IBAN sin. Ní bheidh NTMA ná a ghníomhairí faoi dhliteanas (i gconradh, tort nó eile) as aon chaillteanas ná damáiste a fhulaingíonn tú i gcás go bhfuil an IBAN nó na sonraí cuntais a chuireann tú ar fáil mícheart nó má thugtar in earráid iad. Murar thug tú do shonraí IBAN do Choigilteas Stáit cheana féin nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc, is gá duit cóip de cheannteideal chuntas bainc bunaidh (arna dhátú laistigh de 12 mhí) a chur faoi iamh ar a bhfíoraítear an IBAN agus ainm an chuntais. Mura soláthraítear an cruthúnas riachtanais ar ráiteas bainc, d'fhéadfaí moill a chur ar an bpróiseas íocaíochta.

**3. SLÁNAÍOCHT**
Tríd an bhfoirm seo a shíniú aontaíonn tú NTMA agus a ghníomhairí a shlánú agus chun NTMA agus a ghníomhairí a choinneáil slánaithe ó agus i gcoinne aon imeachtaí, éileamh, chaillteanas agus/nó damáiste cibé cén chaoi a eascraíonn sé, a fhulaingíonn NTMA nó a ghníomhairí mar gheall ar íocaíocht cistí i gcuntas a ainmníonn tú.

**4. ATHRÚ SEOLTA**
Ní mór cáipéisí bunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de cháipéisí bunaidh mar seo a leanas a chur le gach iarratas ar athrú seoltа; cáipéis um chruthúnas ar ainm reatha agus bailí AMHÁIN agus DHÁ cháipéis um chruthúnas ar sheoladh reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí) ar a bhfuil a seoladh nua a luadh. Liostaítear an cháipéisíocht um chruthúnas inghlactha i Nóta 5.

**5. PAINÉAL AN FHINNÉ AGUS CÁIPÉISÍOCHT AITHEANTAIS INGHLACTHA**
Agus tú i do shealbhóir táirge Coigilteas Stáit, ní mór duit d'aitheantas a dheimhniú le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) trí d'Ainm, do Dháta Breithe agus cáipéisíocht aitheantais (cruthúnas ar ainm agus ar sheoladh) a thabhairt dúinn síniú san áit a iarrtar. I gcás gur comhlánaíodh Painéal A cinntigh go gcomhlánaíonn agus go síníonn tú Painéal B. Cinntigh chomh maith go bhfianaíonn duine díobh seo a leanas an cháipéisíocht chruthúnais riachtanach ar fad i gceart, mar a leagtar amach i bPainéal B: Oifigeach Poist, Ball den Gharda Síochána nó Dlíodóir / Coimisinéir Mionnaí cleachtach. Áirítear le cáipéisíocht um chruthúnas ar sheoladh inghlactha cóipeanna bunaidh nó deimhnithe[1] de cheann amháin ar bith díobh seo a leanas: Bille Tí reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí) (leictreachas, guthán, gás), ráiteas Bainc, Chumann foirgníochta nó Chomhar Creidmheasa, cáipéis oifigiúil ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Áirítear le cáipéisíocht um chruthúnas ar ainm inghlactha cóipeanna bunaidh nó deimhnithe de cheann amháin ar bith díobh seo a leanas: Ceadúnas Tiomána AE nó Pas reatha agus bail. Seolfar cáipéisí bunaidh ar ais chugat.

**6. SONRAÍ PEARSANTA**
Is é an NTMA rialaitheoir sonraí (chun críche na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus, le feidhm ón 25 Bealtaine 2018, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. I gcomhair tuilleadh faisnéise faoinár dTéarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus ar Leith, lena n-áirítear bailiúchán agus próiseáil do chuid sonraí pearsanta, déan teagmháil linn ag 0818 20 50 60 / 01 705 7200 nó ag service@statesavings.ie. Tabhair faoi deara gur féidir linn cáipéis um fhaisnéis ar leith a thabhairt duit maidir lenár mbeartais um Fhianaise Aitheantais agus Sonraí Pearsanta ach iad a iarradh. Tá an cháipéis seo ar fáil ag d'Oifig Phoist áitiúil chomh maith.

[1] Cóip Deimhnithe – Féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig aon Oifig Phoist áit a ndéanfaidh Oifigeach Oifig Phoist fótachóip de lena dheimhniú mar fhíorchóip den leagan bunaidh. Nó sin, féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig Comhalta den Gharda Síochána nó Aturnae/Coimisinéir Mionnaí cleachtas, áit ar féidir leo fótachóip a dhéanamh den leagan bunaidh agus stampa a chur air lena dheimhniú mar fhíorchóip den leagan bunaidh.